



Samsung Portable SSD T7 Touch

Lámhleabhar Úsáideora

MU-PC500 MU-PC1T0 MU-PC2T0

SÉANADH

COIMEÁDANN SAMSUNG ELECTRONICS AN CEART CHUN TÁIRGÍ, FAISNÉIS AGUS SONRAÍOCHTAÍ A ATHRÚ AM AR BITH GAN FHÓGRA.

Soláthraítear an fhaisnéis sa cháipéis seo i ndáil le táirgí le Samsung Electronics Co. Ltd. ("Samsung"). Is chun críocha tagartha amháin iad na tuairiscí táirgí agus na sonraíochtaí a fhaightear sa cháipéis seo. Is féidir gach faisnéis a phléitear sa cháipéis seo a athrú am ar bith gan fhógra, agus is ar an mbunús "IS AMHLAIDH" a thugtar í, gan aon bharántaí de chineál ar bith. Is le Samsung amháin agus go heisiach í an mhaoin a fhaightear sa cháipéis seo agus gach faisnéis a phléitear sa cháipéis seo. Ní dheonaítear ceadúnas ar bith d'aon phaitinn, cóipcheart, mascobair, trádmarc ná aon cheart maoin intleachtúla eile leis an gcáipéis seo, go sainráite ná go hintuigthe, urbhaic nó trí mhodh éigin eile. Seachas mar a fhoráiltear i dtéarmaí agus coinníollacha díola Samsung faoi chomhair táirgí mar sin, séanann Samsung aon bharánta sainráite ná intuigthe, i dtaca le díol agus/nó úsáid táirgí Samsung, lena n-áirítear dliteanas ná barántaí a bhaineann le hinniúlacht chun críche faoi leith, indíoltachta, ná sárú paitinne, cóipchirt nó cirt mhaoine intleachtúla ar bith eile. Níl táirgí Samsung ceaptha lena n-úsáid i bhfeidhmeanna tacaíochta beatha, cúraim chriticiúil, míochaine, trealaimh shábháilteachta, ná feidhmeanna comhchosúla, i gcás go bhféadfaí cailliúint bheatha nó díobháil cholanda a bheith mar thoradh ar chliseadh táirge, ná i bhfeidhm mhíleata nó cosanta ar bith, ná i soláthar poiblí ar bith lena mbainfeadh téarmaí nó forálacha speisialta. Chun nuashonruithe nó faisnéis breise a fháil faoi tháirgí Samsung, déan teagmháil le do stór áitiúil le Samsung nó tabhair cuairt ar láithreán gréasáin Samsung (<https://www.samsung.com>). Is trádmarcanna cláraithe iad Samsung agus suaithentais Samsung le Samsung Electronics Co., Ltd. nó lena chleamhnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i dtíortha eile. Is féidir ainmneacha agus brandaí eile a éileamh mar mhaoin le dreamanna eile.

Cóipcheart © 2020, Samsung Electronics Co., Ltd. Gach ceart ar cosaint.

Samsung Portable SSD T7 Touch

Lámhleabhar Úsáideora

Clár na nÁbhar

Réamhrá	4
Ag Tosú	5
Céard atá istigh sa Bhosca	5
An chaoi chun Ceangal / Dícheangal	5
Riachtanais Chórais	6
Toilleadh an T7 Touch a thaispeántar ar an gCóras	6
T7 Touch a úsáid	7
T7 Touch a cheangal	7
T7 Touch a dhícheangal	7
LED gluaisne de réir stádais táirge.....	7
Bogearraí Samsung Portable SSD Software 1.0 a shuiteáil	7
Rabhadh	22
Cúltacaigh sonraí tábhachtacha	22
Cosain pasfhocal úsáideora	22
Ceangail le Gléasanna Creidiúnaithe; Comhlíonadh le Caighdeán Sábháilteachta	22
Seachain Suaitheadh, Creathadh	22
Ná Díchóimeáil, Ná Déan díobháil, nó ná Bain lipéad	22
Úsáid Oiriúintí Dílse	23
Bain úsáid i dTeocht agus Taise Chuí	23
Ná húsáid an lámh láidir agus tú ag tarraingt nó ag díphlugáil an chábla	23
Feidhmigh Scanadh agus Nuashonruithe Víris	23
Glan an Táirge.....	23
Coimeád ar shiúl ó aimsiú Leanáí, Naíonán agus Ainmhithe	23
Ceisteanna Coitianta	24
Sonraíochtaí agus Deimhnithe an Táirge	25
Sonraíochtaí an Táirge	25
Comhlíonadh Rialála.....	25
KC (Deimhniú ón gCóiré)	25
FCC (Coimisiún Cumarsáide Cónaidhme)	26
CE (Comhlíonadh Eorpach).....	26
DTLL (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach).....	27

Réamhrá

Is gléas stórála seachtrach fíorthapa é Samsung T7 Touch ag a bhfuil cosaint sonraí áisiúil le haitheantas méarloirg agus dearadh leasaithe le LED gluaisne.

Aistrigh ar iompú boise

Aistrigh comhaid ollmhóra taobh istigh de chúpla soicind le luas dochreidte USB 3.2 Gen2 ar an T7 Touch. Éascaítear leis an teicneolaíocht leabaithe PCIe NVMe do luasanna léite/scríofa seicheamhacha suas le 1.050/1,000 MB sa soicind faoi seach.

Tógtha go láidir agus go sábháilte

Is ionann SSD agus Solid State Drive nó Diosca Soladstaide, rud a chiallaíonn nach bhfuil páirteanna gluaiasteacha ann. Tá cabhail mhiotail láidir mar chás thar na cruu-earraí doghluaiste, chun do shonraí a choinneáil slán ó thitim suas le 2 mhéadar. Agus faigheann an T7 Touch tacaíocht iontaofa ó bharánta teoranta 3 bliana.

* Stiúradh an tástáil turrainge shaorthitime faoi choinníollacha rialaithe.

Slánaigh le méar a leagan air

Coinnigh do chomhaid phríobháideacha slán gan áisiúlacht a ligean le sruth. Úsáidtear leis na roghanna slándála ionsuite ar an T7 Touch criptiúchán 256-giotán AES, agus tugtar an rogha duit é a dhíghlasáil ach do mhéar a leagan air nó le pasfhocal.

LED gluaisne soilsiithe

Faightear cearnóg LED sa T7 Touch a shoilsítear chun is go mbeidh tú ar an eolas faoina mbíonn ar siúl ag do SSD ach sracfhéachaint air. Roghnaigh idir an dubh clasaiceach agus an t-airgead faiseanta, ar thrí bhealach chun dul in oiriúint do d'éilimh: 500GB, 1TB, nó 2TB.

Cuma shnasta agus néata

Chomh mór le póca agus an-seang, is cabhail chaighdeánach éadrom an ceann ar an T7 Touch. Is comhionann le cárta creidmheasa é ó thaobh méide agus de mheánach 58 gram, luíonn an aonchabhail sholadach alúmanaim go compordach i mbos do láimhe.

Bogearraí bainistíochta

Tagann an T7 Touch leabaithe le bogearraí uasghrádaithe le haghaidh ríomhairí agus Macanna chun cuidiú le pasfhocal agus méarloirg a shocrú agus chun na nuashonruithe dochtarraí is déanaí a fháil. Is féidir leat an t-aip fón póca a íoslódáil freisin le haghaidh fón cliste agus táibléad Android.

Comhoiriúnacht ilghléasanna

Faigh rochtain ar chomhaid uair ar bith áit ar bith. Tá an T7 Touch comhoiriúnach le gléasanna ríomhaire, Mac agus Android, le consóil chluichíochta, agus le tuilleadh nach iad. Faoi iamh sa bhosca tá cáblaí de Chineál USB C go C, agus C go A ar mhaithe le breis áisiúlachta.


* D'fhéadfadh comhoiriúnacht le hóstghléasanna a bheith éagsúil. Gheofar liosta na ngléasanna comhoiriúnacha ar www.samsung.com/support.

Ag Tosú

Sula n-úsáideann tú Samsung Portable SSD T7 Touch (ar a dtugtar "T7 Touch"), léigh an Lámhleabhar Úsáideora seo go mion ionas go mbeidh a fhios agat conas an táirge a úsáid ar bhealach cuí sábháilte.

Céard atá istigh sa Bhosca

- Samsung Portable SSD T7 Touch
- USB 3.2 Gen 2 cábla USB C go A
- USB 3.2 Gen 2 cábla USB C go C
- Treoir Mhearthosaithe & Ráiteas Baránta



An chaoi chun Ceangal / Dícheangal

- ① Roghnaigh an cábla atá comhoiriúnach le do ghléas. Naisc ceann amháin den chábala leis an ngléas agus an ceann eile leis an T7 Touch.
- ② Úsáid "Díchuir", "Díghléas" nó "Bain Crua-earraí go Sábháilte" i gcónaí agus tú ag dícheangal an T7 Touch le do chuid sonraí a chosaint.



Riachtanais Chórais

1. Tacaíocht comhéadain USB 3.2 Glúin 2 (10 Gbps)

Is caighdeán comhéadain ionchuir/aschuir é USB (Bus Uilíoch Srathach) chun gléasanna éagsúla a cheangal. Bíonn luas aistrithe sonraí T7 Touch optamach le USB 3.2 Glúin 2 (10 Gbps), d'fhéadfadh úsáid leaganacha níos ísle amhail USB 3.2 Glúin 1 (5Gbps), USB 2.0 agus 1.1 a bheith ina cúis le feidhmíochtaí níos ísle de bharr srianta a bhaineann le leaganacha níos ísle dá leithéid.

D'fhéadfadh leibhéil éagsúla *feidhmíochta a bheith i gceist ag brath ar chóras an úsáideora a bhfuil T7 Touch nasctha leis. Fiú agus naisc USB 3.2 Glúin 2 á n-úsáid, b'fhéidir nach bhfeidhmeodh T7 Touch rómhaith mura dtacaíonn do chóras le UASP (Prótacal SCSI USB-cheangailte). Cinntigh go dtacaíonn do chóras le UASP.

2. Riachtanais Chórais Oibriúcháin

- Windows OS: Windows 7 nó níos airde
- Mac OS: Mac OS: X 10.10 nó níos airde
- Android: Android Lollipop nó níos airde

3. Formáidí Comhaid

Tá T7 Touch réamhfhormáidithe isteach ag baint úsáid as an gcóras comhaid exFAT atá tacaith ag córais oibriúcháin Windows OS, Mac OS, agus Android. Braithfidh inléiteacht nó inscríofacht sonraí atá formáidithe ina bhformáid áirithe ar do ríomhaire ar an OS, faoi mar atá sainithe sa tábla thíos. Má úsáideann tú T7 Touch ar OS amháin, moltar duit an T7 Touch a fhormáidiú de réir na formáide cuí comhaid le haghaidh an OS sin. (e.g.) Srianta léimh/scríofa le haghaidh córas comhaid a bhaineann le gach córas oibriúcháin.

Formáidí Comhaid	Windows OS	Mac OS
exFAT	Inléite agus inscríofa araon	Inléite agus inscríofa araon
NTFS	Inléite agus inscríofa araon	Inléite amháin
HFS	Neamh-inaitheanta	Inléite agus inscríofa araon

* Nuair a úsáidtear exFAT thar chórais oibriúcháin ilíocha, d'fhéadfadh scríobh sonraí éirí glasáilte agus b'fhéidir nach mbeidh tú in ann ach sonraí amháin a léamh. Má thagann tú ar fhadhb dá leithéid, féadfaidh tú rochtain chun scríofa a aisichur ach na treoracha thíos a leanúint.

- Mac OS: Ceangail T7 Touch le do Mac arís, agus feidhmigh Díchuir.
- Windows OS: Nuair a phreabann an fógra aníos ag léiriú go bhfuil rochtain scríofa díchumasaithe, cliceáil ar "Scan agus deisigh" chun Seiceáil an Diosca a dhéanamh (CHKDSK). Más amhlaidh gur dhún tú an fógra gan Seiceáil Diosca a dhéanamh, is féidir leat é a dhéanamh ach an tiomántán a roghnú → Deaschlíceáil → Airíonna → Uirlisí → cliceáil ar Seiceáil.

Toilleadh an T7 Touch a thaispeántar ar an gCóras

D'fhéadfadh an toilleadh arna thuairisciú ag an gcóras lena bhfuil T7 Touch nasctha a bheith éagsúil ón toilleadh lipéadaithe, mar gheall ar an difríocht idir na córais tomhais dheachúlacha agus dhénártha agus fachtóirí eile lena n-áirítear deighilt agus blocáil an tiomántáin.

* e.g.: Windows OS: 1 GB = 1,024MB, Mac OS: 1GB = 1,000MB

Úsáideann toilleadh lipéadaithe córas deachúlach agus tá sé intiontaite mar atá thíos:

1 GB=1,000,000,000 giotán, 1 TB=1,000,000,000,000 giotán

D'fhéadfadh do ríomhaire toilleadh ní b'ísle a léiriú mar gheall go bhfuiltear ag úsáid caighdeáin tomhais dhifriúil.

T7 Touch a úsáid

T7 Touch a cheangal

Roghnaigh an cábla atá comhoiriúnach le do ghléas. Naisc ceann amháin den chábbla leis an ngléas agus an ceann eile leis an T7 Touch.

T7 Touch a dhícheangal

Bí cinnte an ghné Bain Crua-earraí go Sábháilte a úsáid do gach dícheangal den T7 Touch. D'fhéadfadh cailliúint nó damáistí sonraí tarlú don T7 Touch má dhíphlugáilann tú ón ríomhaire gan feidhmiú na gné Bain Crua-earraí go Sábháilte.

* Ní bheidh Samsung faoi dhliteanas as aon chailteanas sonraí úsáideora ná damáiste don táirge mura gcloíonn an t-úsáideoir leis an treoir seo.

LED gluaisne de réir stádas táirge

Ceangail le Cumhacht

Díomhaoin

Aistriú sonraí

Fuireachas le haghaidh díghlasáil slándála



Bogearraí Samsung Portable SSD Software 1.0 a shuiteáil

(I gcomhair Móid slándála agus nuashonrú Dochtearraí)

Do Ríomhairí agus Mac

In Explorer (Windows OS) nó Deasc (Mac OS), roghnaigh feidhmchlár “Samsung Portable SSD”.

Windows OS: SamsungPortableSSD_Setup_Win_1.0.exe

Mac OS: SamsungPortableSSD_Setup_Mac_1.0.pkg

* Má dhéanann tú deighilt an T7 Touch a fhormáidiú i ndiaidh é a cheannach, scríosfar Bogearraí Samsung Portable SSD atá stóráilte sa tiomántán. I gcásanna mar sin, íoslódáil feidhmchlár “Bogearraí Samsung Portable SSD 1.0” ó shuíomh gréasáin Samsung (<http://www.samsung.com/samsungssd>).

* Ní bhaineann Bogearraí Samsung Portable SSD 1.0 ach amháin le T7 Touch, agus mar sin ní bhainfeadh go huathoibríoch le suiteáil Bhogearraí Samsung Portable SSD 1.0 (an leagan roimhe seo), má fhanann sé ar do ríomhaire, a bhí deartha le haghaidh T3, T5, X5.


1. Bogearraí Samsung Portable SSD 1.0 a rith

Roghnaigh deilbhín fheidhmchlár “Bogearraí Samsung Portable SSD 1.0” ar an Deasc.

* D'fhéadfadh sé nach n-oibreodh Bogearraí Samsung Portable SSD 1.0 mura bhfuil an gléas (tiomántán) cumasaithe.

2. Mód Slándála a Shocrú (Roghnach)

Is roghnach é an mód slándála. Is féidir leat T7 Touch a úsáid gan an ghné slándála/nuashonraithe a bheith cumasaithe. Lean na treoracha a thaispeántar ar gach scáileán de Bhogearraí Samsung Portable SSD 1.0. Nuair a aontaíonn tú le téarmaí agus coinníollacha Bhogearraí Samsung Portable SSD 1.0, féadfaidh tú na céimeanna seo a leanas a ghlacadh chun pasfhocal a shocrú. (Beidh gnéithe áirithe de Bhogearraí Samsung Portable SSD 1.0 suiteáilte ar ríomhaire an úsáideora le haghaidh mód slándála.)



- **Mód slándála casta as**

Is féidir leat T7 Touch a úsáid gan an mód slándála.

- **Slándáil le Pasfhocal**

Is féidir leat mód slándála a chumasú le pasfhocal. Má dhéantar dearmad ar an bpassfhocal, beidh ort an T7 Touch a aisichur chuig na socruithe monarchan tríd an tseirbhís ar líne a chuireann ár lárionaid seirbhíse do chustaiméirí ar fáil. Meabhraigh go gcaillfear na sonraí úsáideora ar fad a cuireadh in T7 Touch tríd an athshocrú monarchan. Bí cúramach agus ná déan dearmad ar do phasfhocal.

- **Slándáil le Pasfhocal agus Méarlorg**

Is féidir leat mód slándála a chumasú le pasfhocal agus le méarlorg. Is féidir leat slándáil mhéarloirg a úsáid tar éis duit pasfhocal a shocrú. Má dhéantar dearmad ar an bpasfhocal, beidh ort an T7 Touch a dhíghlasáil, gach sonraí stóráilte a bhogadh chuig áit shábháilte ní foláir duit an T7 Touch a aischr chuig na socruithe monarchan tríd an tseirbhís ar líne a chuireann ár lárionaid seirbhíse do chustaiméirí ar fáil. Is féidir leat rollú suas chuig do mhéarlorg agus má dhéantar dearmad ar an bpasfhocal, ní féidir leat méarloirg chláráithe a athrú ná a scriosadh.

* Níl Samsung freagrach as aon chailteanas sonraí úsáideora de bharr pasfhocal dearmadta nó goidte. Chun an gléas a choinneáil chomh slán agus is féidir, níl rogha aisghabhála pasfhocail ar bith ann. Má dhéantar dearmad ar an bpasfhocal, beidh ar úsáideoirí an T7 Touch a aischr chuig na socruithe monarchan tríd an tseirbhís ar líne a chuireann ár lárionaid seirbhíse do chustaiméirí ar fáil. Meabhraigh go gcaillfear na sonraí úsáideora ar fad a cuireadh in T7 Touch tríd an athshocrú monarchan. Bí cúramach agus ná déan dearmad ar do pasfhocal nó úsáid an mód slándála le méarlorg.

* **Ní theastaíonn ach amháin tiomántán Mac OS**, “Samsung Portable SSD” don fheidhmiúlacht slándála. Mura bhfuil síneadh na heithne suiteáilte, críochnaigh an tsuiteáil ach cloí leis an seicheamh ar phacáiste na suiteála. Agus é suiteáilte, dícheangail agus athcheangail T7 Touch lena dhearbú gur éirigh leis an tsuiteáil.

* **Ní hiad ach amháin Mac OS**, tiomántán “Samsung Portable SSD” agus roinnt de na tiomántáin 3ú páirtí, lena n-áirítear SATSMARTDriver, atá comheisiach lena chéile. Más mian leat oibriú le SATSMARTDriver, bain tiomántán Samsung Portable SSD de agus suiteáil SATSMARTDriver mar an treoir seo a leanas.

* Nuair a bhíonn Samsung Portable SSD Driver agus SATSMARTDriver suiteáilte araon agus go mbraitear coimhlínt idir eatarthu, beidh treoracha mar na cinn seo a leanas ar fáil:

Conas Tiomántán Samsung Portable SSD a bhaint de agus SATSMARTDriver a shuiteáil

```
#sudo kextunload /Library/Extensions/SamsungPortableSSDDriver.kext
```

```
#sudo kextload /Library/Extensions/SATSMARTDriver.kext
```



Conas SATSMARTDriver a bhaint de agus SamsungPortableSSDDriver a shuiteáil

```
#sudo kextunload /System/Library/Extensions/SATSMARTDriver.kext
```

```
#sudo kextload /Library/Extensions/SamsungPortableSSDDriver.kext
```

3. Díghlasáil

Má tá mód slándála cumasaithe agat, gach uair a nascann tú T7 Touch le do ríomhaire beidh ort do mhéarlorg a thapáil agus do phasfhocal a iontráil agus cliceáil ar an gcnaipe "UNLOCK" sula mbeidh rochtain agat ar na sonraí in T7 Touch. Má theipeann ort díghlasáil, beidh do rochtain cúngaithe go dtí toilleadh thart ar 128MB atá leithdháilte ar SamsungPortableSSD_1.0.exe agus SamsungPortableSSD_1.0.app, rud a chiallaíonn go mbeidh tú glasáilte amach as na sonraí faoi chosaint.



* Ag brath ar an timpeallacht úsáideora, b'fhéidir nach gcuirfí "Bogearraí SamsungPortableSSD 1.0" i bhfeidhm go huathoibríoch. I gcás mar sin, cliceáil faoi dhó ar dheilbhín "Bogearraí SamsungPortableSSD 1.0" in Explorer ar Windows nó sa Deasc ar Mac.

* D'fhéadfadh sé nach mbeadh mód slándála tacaithe ach amháin ag leagan áirithe gach OS (nó ag leagan níos déanaí). Seiceáil an gcomhlíonann do OS na riachtanais chórais agus an dtacaíonn sé le mód slándála.

* Más rud é go bhfuil mód slándála cumasaithe, ní thaispeántar ach toilleadh dheighilt slándála an T7 Touch ar dtús. Is ionann méid na deighilte slándála sin agus tuairim ar ~128 MB. Ach a dtapálann tú do mhéarlorg agus a n-iontrálann tú do phasfhocal agus ach a ndíghlasálann tú go rathúil, taispeánfar toilleadh iomlán an T7 Touch i do chóras.



* Is féidir leat Samsung Portable SSD eile a roghnú trí chliceáil ar ainm an T7 Touch ar an bpainéal clé. Tá gach óstghléas (suas le 6 cinn) lena bhfuil Samsung Portable SSD nasctha liostaithe ar Bhogearraí Samsung Portable SSD.


4. Athrú sna Socruithe

Is féidir leat do mhód slándála/d'ainm úsáideora/do phasfhocal/do shocruithe slándála méarloirg den T7 Touch a athrú trí chliceáil ar an gcnaipe "SOCRUITHE" ar an bpríomhleathanach. Má úsáideann tú ríomhaire gan bogearraí slándála, is féidir leat comhad na suiteála a íoslódáil ("SamsungPortableSSD_Setup_Win_1.0.exe" do Windows OS, "SamsungPortableSSD_Setup_Mac_1.0.pkg" do Mac OS) ó shuíomh Gréasáin Samsung (<https://www.samsung.com/samsungssd>) agus é a shuiteáil chun na socruithe a athrú.


- **Mód slándála**



Chun athrú a dhéanamh ar an mód slándála idir AIR agus AS, cliceáil an cnaipe scoránaithe agus cuir isteach an pasfhocal ceart. Féach an tábla thíos chun cur síos ar tháscaire stádas slándála an T7 Touch a fháil.

Stádas		Tuairisc
	Glasáilte	Léiríonn sé sin go bhfuil an mód slándála casta air, ach nach bhfuil T7 Touch díghlasáilte ag an úsáideoir. Is féidir leat T7 Touch a dhíghlasáil ar an leathanach díghlasála.
	Díghlasáilte	Léiríonn sé sin go bhfuil an mód slándála casta air agus go bhfuil T7 Touch díghlasáilte ag an úsáideoir cheana. Is féidir leat an toilleadh stórála a fheiceáil ar an bpríomhleathanach agus socruithe athraithe.
Gan deilbhín	Mód slándála CASTA AS	Is amhlaidh atá nuair atá an tslándáil CASTA AS. Is féidir leat an toilleadh stórála a fheiceáil ar an bpríomhleathanach agus socruithe athraithe.





- **Ainm/Pasfhocal**


Is féidir leat Ainm agus Pasfhocal a athrú. Chun an pasfhocal a athrú, cliceáil ar an gcnaipe "ATHRAIGH" ()





- **Socruithe slándála méarloig**


Má chumasaigh tú mód slándála méarloig, is féidir leat socruithe méarloig a bhainistiú ach cliceáil ar an gcnaipe "CUIR IN EAGAR" ()





Iontráil an pasfhocal reatha agus cliceáil ar an gcnaipe “DEIMHNIGH” () chun bogadh go dtí céim bhainistithe na méarlorg.




Ach cliceáil ar an gcnaipe “CUIR MÉARLORG LEIS” () , is féidir leat méarloig a chur leis.




Cuir do mhéar ar an mbraiteoir.







Cruthaítear an chéad Mhéarlorg 1 go 4 nuair a chláraítear méarlorg. Is féidir leat an méarlorg cláraithe (✎) a ainmniú (🗑️) nó a scriosadh.





5. Nuashonraigh Bogearraí agus Dochtearraí táirge


Taispeánfar líon na nuashonruithe Bogearraí/Dochtearraí infhaighte ar bhun an phainéil ar chlé má bhíonn do ríomhaire ceangailte leis an idirlíon.





Tríd an gcnaipe “NUASHONRAIGH” a chliceáil () , is féidir leat dul go dtí an 'nuashonraigh an leathanach'.



Tríd an gcnaipe “NUASHONRAIGH” a chliceáil () , is féidir leat na bogearraí (“SW”) nó na dochtearraí is déanaí (“FW”) a íoslódáil agus é a nuashonrú.

Trí chliceáil ar an gcnaipe scoránaithe "Seiceáil le haghaidh Nuashonrú go hUathoibríoch" () , is féidir leat a roghnú SW nó FW a nuashonrú go huathoibríoch aon uair a bheidh Samsung Portable SSD nasctha.

Tríd an gcnaipe 'athnuaigh' a chliceáil () , is féidir leat an stádas nuashonraithe a athnuachan.

Trí chliceáil ar chnaipe na saighde síos () , feicfidh tú faisnéise na sonraí faoin nuashonrú lena mbaineann.

*Nuair a athraíonn úsáideoir "Seiceáil le haghaidh Nuashonrú go hUathoibríoch" ó CASTA AS go CASTA AIR, ní athnuaítear an fhaisnéis nuashonraithe láithreach bonn leis na bogearraí. Déantar an fhaisnéis nuashonraithe a athnuachan nuair a chliceálann ceachtar úsáideoir ar an gcaipe "athnuaigh" nó nuair a bhíonn Samsung Portable SSD nasctha le ríomhaire.

* Le haghaidh nuashonruithe FW, caithfidh an mód slándála a bheith CASTA AS. D'fhéadfadh rochtain ar bith ar T7 Touch, lena n-áirítear an deighilt a chóipeáil/a scríosadh/a fhoráidíú, agus FW á nuashonrú, bheith ina chúis le hiompar neamhghnách nó le damáiste don T7 Touch.

* Nuair a bheidh FW nuashonraithe, dícheangail agus athcheangail an T7 Touch lena chinntiú gur éirigh leis an nuashonrú FW.

6. Scrios "Bogearraí Samsung Portable SSD"

Bogearraí a scríosadh ar gach OS

OS Ríomhaire		Tuairisc
Windows OS	Má shuiteáil an t-úsáideoir Bogearraí ag úsáid SamsungPortableSSD_Setup_Win_1.0.exe	Is féidir bogearraí a dhíshuiteáil trí "Díshuiteáil nó athraigh ríomhchlár". Téigh chuig an bpainéal Rialúcháin → Feidhmchláir → Feidhmchláir agus Gnéithe → Díshuiteáil nó athraigh feidhmchlár → Déchliceáil ar "Bogearraí Samsung Portable SSD 1.0" agus roghnaigh "Yes"
	Má shuiteáil an t-úsáideoir Bogearraí ag úsáid SamsungPortableSSD_1.0.exe	Ní mór bogearraí a scríosadh de láimh trí PSSD_Cleanup.bat a rith i gcosán suiteála feidhmchláir. (De ghnáth C:\Program Files(x86)\Samsung\Portable_SSD\PSSD_Cleanup.bat) Féach na Ceisteanna Coitianta ar shuíomh Gréasáin Samsung (http://www.samsung.com/samsungssd) le haghaidh tuilleadh sonraí.
Mac OS		Caithfear feidhmchlár a scríosadh de láimh ach Cleanup.scpt a rith sa chosán suiteála Bogearraí. (De ghnáth #osascript ~/Library/ApplicationSupport/Portable_SSD/CleanupAll.scpt) *D'fhéadfadh sé nach scríofadh glantóir tríú páirtí amhail AppCleaner Bogearraí "Samsung Portable SSD" go hiomlán. Féach na Ceisteanna Coitianta ar shuíomh Gréasáin Samsung (http://www.samsung.com/samsungssd) le haghaidh faisnéise mionsonraithe.

7. Roghnaigh Teanga Réamhshocraithe SW

Is féidir an teanga réamhshocraithe a roghnú faoi Socrú Réigiúnach.

Le haghaidh gléasanna Android

1. Íoslódáil an Feidhmchlár ó Google Play Store


Is féidir leat feidhmchlár "Samsung Portable SSD 1.0" a íoslódáil ón Aipmhargadh.

2. An Feidhmchlár a rith

Rith an Feidhmchlár a suiteáladh le do thoil.

3. Mód Slándála a Shocrú


Tá pasfhocal agus méarlorg stóráilte in T7 Touch ar féidir ceangal ar an ríomhaire a úsáid in Android ina dhiaidh sin.



* Níl Samsung freagrach as aon chailteanas sonraí úsáideora de bharr pasfhocal dearmadta nó goidte. Chun an gléas a choinneáil chomh slán agus is féidir, níl rogha aisghabhála pasfhocail ar bith ann. Má dhéantar dearmad ar an bpassfhocal, beidh ar úsáideoirí an T7 Touch a aiscur chuig na socruithe monarchan tríd an tseirbhís ar líne a chuireann ár lárionaid seirbhíse do chustaiméirí ar fáil. Meabhraigh go gcaillfear na sonraí úsáideora ar fad a cuireadh in T7 Touch tríd an athshocrú monarchan. Bí cúramach agus ná déan dearmad ar do phasfhocal nó úsáid an mód slándála le méarlorg.


4. Díghlasáil T7 Touch

Má tá mód slándála cumasaithe agat, gach uair a nascann tú T7 Touch le do ghléas, beidh ort do mhéarlorg a thapáil agus do phasfhocal a iontráil agus brú ar an gcnaipe "UNLOCK" sula mbeidh rochtain agat ar na sonraí in T7 Touch.




5. Scáileán Baile

Mura bhfuil mód slándála cumasaithe i do T7 Touch, is féidir leat an scáileán Socruithe a iontráil ach cliceáil ar an gcnaipe SOCRUITHE.



6. Scáileán Socruithe


Is féidir leat ainm úsáideora T7 Touch nó pasfhocal, socruithe slándála méarloing a athrú, agus an mód slándála a chasadh AIR/AS.



7. Nuashonraigh SW agus FW

Chun an scáileán nuashonraigh a iontráil, cliceáil ar an gcnaipe Nuashonraigh leathanach (🔄) ar an scáileán Baile. Má bhíonn nuashonrú ar bith ar fáil, is amhlaidh a bheidh an cnaipe "NUASHONRAIGH" (UPDATE) aibhsithe. Má chaithfear feidhmchlár a nuashonrú, má chliceálann tú ar an gcnaipe NUASHONRAIGH taispeánfar an nasc leis an 'Aipmhargadh' duit.

* Le haghaidh nuashonraí dochtearraí caithfidh tú nascadh le ríomhaire.



8. Feidhmchlár "Samsung Portable SSD" a scrios ar Android

Oscail aip Socruithe do ghléis Android agus tapáil Feidhmchláir nó an bainisteoir Feidhmchlár. Tapáil "Samsung Portable SSD" agus díshuiteáil.

9. Roghnaigh an Teanga Réamhshocraithe

Is féidir an teanga réamhshocraithe a roghnú faoi shocrú teanga chóras Android.

* Cosán: Aipeanna Android - Socruithe - Teanga

Rabhadh

D'fhéadfadh gortú, damáiste don táirge nó cailteanas sonraí tarlú má theipeann ort cloí leis na treoracha agus na rabhaidh i ngach cuid den lámhleabhar seo. Léigh go cúramach sula n-úsáideann tú an táirge.

Cúltacaigh sonraí tábhachtacha

Ní féidir le córas ríomhaireachta ar bith bheith iomlán slán. Ní thugann Samsung ráthaíocht agus/ná baránta de chineál ar bith i gcoinne cailteanais sonraí ar an T7 Touch faoi chúinse ar bith. Séanann Samsung aon dliteanas as anacair mhothúcháinach agus/nó díobháil nó cailteanas airgeadaíochta agus/nó colanda de thoradh cailteanais nó aischur sonraí a stóráiltear ar an T7 Touch. Bí cinnte sonraí tábhachtacha a chóipeáil le cúlta i gcónaí.

Cosain pasfhocal úsáideora

Ní féidir rochtain a fháil ar shonraí úsáideora má dhéantar dearmad ar an bpassfhocal nó má chailltear é óir go mbaintear leas as ardteicneolaíochtaí criptiúcháin sa T7 Touch. Scríobh síos do phasfhocal agus stóráil é in áit shábháilte. Más amhlaidh nach féidir an táirge a úsáid toisc nár chuir tú pasfhocal ceart isteach, ní féidir an táirge a aischur ach é a athshocrú ar na socruithe monarchan trí sheirbhís ar líne de chuid Ionad Seirbhíse Samsung. Is amhlaidh a chaillfear na sonraí úsáideora go léir nuair a dhéantar na socruithe monarchan a aischur. Bí cinnte sonraí tábhachtacha a chóipeáil le cúlta go rialta.

Ceangail le Gléasanna Creidiúnaithe; Comhlíonadh le Caighdeán Sábháilteachta

Dearadh an táirge seo chun teorainneacha maidir le hídiú cumhachta a chomhlíonadh de réir caighdeán sábháilteachta. Úsáid gléasanna agus poirt chomhéadain atá ag teacht leis na caighdeáin ghaolmhara.

Seachain Suaitheadh, Creathadh

Seachain suaitheadh nó creathadh ar bith den táirge a mbeadh mífheidhmiú nó cailliúint sonraí mar thoradh air.

Ná Díchóimeáil, Ná Déan díobháil, nó ná Bain lipéad

Ná díchóimeáil an táirge agus ná déan díobháil agus ná bain aon ghreamáin ná lipéid den táirge. Más amhlaidh go ndearnadh an táirge a dhíchóimeáladh nó más amhlaidh gur bhain an t-úsáideoir an lipéad, beidh gach ráthaíocht neamhbhailí. Chun críche deisiúcháin, ná déan teagmháil ach amháin le hIonad Seirbhíse Samsung nó soláthraithe seirbhíse eile mar sin arna n-ainmniú ag Samsung.

Úsáid Oiriúintí Dílse

Úsáid páirteanna agus oiriúintí dílse i gcónaí arna ndeimhniú ag Samsung. Ní bheidh Samsung faoi dhliteanas as aon díobháil don táirge ná cailiteanas sonraí úsáideora de dheasca páirteanna nó oiriúintí neamhdhílse a úsáid.

Bain úsáid i dTeocht agus Taise Chuí

An Táirge a Úsáid i gcomhshaol iomchuí: teocht idir 5°C - 35°C agus bogthaise idir 10 - 80%.

Ná húsáid an lámh láidir agus tú ag tarraingt nó ag díphlugáil an chábla

Ná húsáid an lámh láidir agus tú ag tarraingt nó ag díphlugáil an chábla. D'fhéadfadh ceangal neamhchobhsaí nó díobháil don nascóir a bheith mar thoradh air sin.

Feidhmigh Scanadh agus Nuashonruithe Víris

Lean na teoracha sábháilteachta seo a leanas chun ionfhabhtuithe víreas a chosc.

- Suiteáil ríomhchlár frithvíreas ar an ríomhaire dá bhfuil an T7 Touch ceangailte leis, agus déan scanadh víreas go rialta.
- Nuashonraigh an córas oibriúcháin agus na bogearraí frithvíreas leis an leagan is déanaí i gcónaí.
- Tar éis comhaid a íoslódáil chuig an T7 Touch déan scanadh víreas sula n-osclaíonn tú an comhad.

Glan an Táirge

Moltar duit an táirge a ghlanadh ach é a chuimilt le héadach bog. Ná húsáid uisce, substaintí ceimiceacha ná glantach. D'fhéadfadh na nithe sin a bheith ina gcúis le dídhathú nó creimeadh ar dhreach an táirge, agus d'fhéadfadh dóiteán nó turraing leictreach bheith mar thoradh orthu.

Coimeád ar shiúl ó aimsiú Leanaí, Naíonán agus Ainmhithe

Gabhann baol plúchta le páirteanna beaga. Coimeád an táirge ar shiúl ó leanaí, naíonán nó ainmhithe ar eagla go gcuirfidís an táirge nó na páirteanna de sa bhéal.

Ceisteanna Coitianta

<p>Ní féidir liom Bogearraí Samsung Portable SSD 1.0 a rith.</p>	<p>Ní féidir Bogearraí Samsung Portable SSD 1.0 a rith ach ar leaganacha áirithe OS (nó leaganach níos úire).</p> <p>Féach thíos le haghaidh leaganacha OS atá tacaithé:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Windows OS: Windows 7 nó níos airde • Mac OS: Mac OS X 10.10 nó níos airde
<p>Taispeántar an teachtaireacht "baineadh an stóras USB gan choinne" ar bharr stádais mo ghléis mhóibíligh.</p>	<p>Chun Bogearraí Samsung Portable SSD 1.0 a úsáid, ní mór cead chun an gléas USB a rochtain a fháil. Taispeántar an teachtaireacht nuair a bhaintear an cead ar rochtain den ghléas móibíleach. Nuair a lainseálann tú feidhmchlár Samsung Portable SSD, beidh tú ábalta an T7 Touch a úsáid mar is gnách arís.</p>
<p>Nuair a cheanglaím an T7 Touch le gléasanna eile seachas ríomhaire, ní aithníonn siad an T7 Touch.</p>	<p>Forbraíodh an T7 Touch lena úsáid le ríomhairí Windows OS agus Mac OS agus gléasanna móibíleacha eile. Nuair a bhíonn an T7 Touch ceangailte le gléasanna eile seachas iad sin, d'fhéadfadh sé nach n-aithneofaí é nó d'fhéadfaí úsáid as a ghnéithe a bheith teoranta ag brath ar a leibhéal tacaíochta. Lena chois sin, má tá mód slándála cumasaithe agat le Pasfhocal, ní féidir leat do phasfhocal a iontráil ó ghléasanna neamh-ríomhaire nó neamh-mhóibíleacha agus mar sin ní bheidh tú ábalta sonraí atá stóráilte ar an T7 Touch a rochtain. Díchumasaigh an mód slándála sula n-úsáideann tú an T7 Touch le gléasanna dá leithéid.</p>
<p>Chaill mé mo phasfhocal. An féidir liom mód slándála a dhíchumasú?</p>	<p>Ní féidir. Má chailleann tú do phasfhocal, ní féidir leat an mód slándála a dhíchumasú. Mar sin, déan cinnte ná gacilleann tú é. Má chumasaigh tú mód slándála méarloirg ámh, is féidir leat T7 Touch a dhíghlasáil.</p>
<p>Ní aithníonn gléasanna mo T7 Touch.</p>	<p>Déan cinnte go bhfuil an T7 Touch nasctha go daingean leis an bport USB.</p> <ul style="list-style-type: none"> • B'fhéidir nach n-aithneodh roinnt ríomhairí an T7 Touch nuair atá sé nasctha le port USB 2.0 má sháraíonn an sruth an uasteorainn (500 mA) ar a bhfuil cur síos déanta sna Sonraíochtaí Cumhachta. I gcásanna mar sin, bain triail as port USB eile. • Má úsáideann tú cáblaí seachas an ceann a bhí i bpacáiste an táirge, b'fhéidir nach n-aithneofaí an T7 Touch. <p>Má tá an T7 Touch ceangailte i gceart ach ní aithníonn gléasanna go fóill iad, aimsigh na hIonaid Seirbhíse a shonraítear sa Lámhleabhar Úsáideora nó ar láithreán gréasáin Samsung (https://www.samsung.com/semiconductor/minisite/ssd/support/cs/), agus déan fiosrú.</p>
<p>Tar éis T7 Touch agus Ríomhaire a cheangal, gníomhachtaítear LED gluaisne go randamach.</p>	<p>Is féidir LED gluaisne a ghníomhachtú go randamach ag brath ar oibriocht I/O.</p>

Sonraíochtaí agus Deimhnithe an Táirge

Sonraíochtaí an Táirge

Samhail	MU-PC500	MU-PC1T0	MU-PC2T0
Toilleadh	500GB	1TB	2TB
Comhéadan	USB 3.2 Glúin 2 (10Gbps), comhoiriúnach go siarghabhálach		
Luas Aistrithe Sonraí*	1,050 MB sa soicind		
Toisí	85 x 57 x 8 mm (3.3 x 2.2 x 0.3 orlach) (L x W x H)		
Meáchan	58 g (2.04 unsa) (2TB)		
Sonraíochtaí Inmholta le haghaidh Chóras an Úsáideora	Windows 7 nó leagan níos déanaí; Mac OS X 10.10 nó leagan níos déanaí; nó Android Lollipop (leagan 5.1) nó leagan níos déanaí		

* Déantar an t-uasluas aistrithe sonraí a thomhas ar bhonn chaighdeáin thástála inmheánacha Samsung leis an gcábla USB iniata. D'fhéadfadh an fheidhmíocht a bheith éagsúil ag brath ar an óstchumraíocht. Chun uasluasanna aistrithe 1,050 MB a bhaint amach, caithfidh an t-óstghléas agus na cáblaí nasctha tacú le USB 3.2 Glúin 2 agus caithfidh an mód UASP a bheith cumasaithe.

Comhlíonadh Rialála



KC (Deimhniú ón gCóiré)

Siombail Aitheantais: Féach thíos

Ainm: Samsung Electronics Co., Ltd.

Déantóir / Tír a dhéanta: Samsung Electronics Co. Ltd / Poblacht Chóiré

Bliain agus Mí na Déantúsaíochta: Marcáilte ar leithligh

Rátáil / Samhail: Féach thíos

Déantóir: SAMSUNG Electronics Co., Ltd.

Samhail	Rátáil		Siombail Aitheantais
MU-PC500	5V	1.5A	R-R-SEC-MU-PC500
MU-PC1T0	5V	1.5A	R-R-SEC-MU-PC1T0
MU-PC2T0	5V	1.5A	R-R-SEC-MU-PC2T0

* Ceapadh an gléas lena gcomhlíontar an EMC (Rang B) don bhaile i gcomhair úsáid i dtimpeallacht baile agus is féidir é a úsáid i réigiún ar bith.



FCC (Coimisiún Cumarsáide Cónaidhme)

Rialúcháin an Choimisiúin Chumarsáide Cónaidhme (FCC) de chuid na Stát Aontaithe

Tabhair faoi deara go bhféadfadh aon athrú nó mionathrú nach bhfuil údaraithe go sainráite ag an bpáirtí atá freagrach as rialúcháin a chomhlíonadh, údarás an úsáideora chun an gléas a oibriú a chealú.



Rinneadh an feisteas seo a thástáil agus a fhíorú chun CFR FCC Páirt 15, Srianta ar Ghléasanna Digiteacha Rang B a chomhlíonadh.

Cuirtear na srianta seo i bhfeidhm chun astú tonnta leictreamaighnéadacha díobhálacha a sheachaint nuair a úsáidtear an gléas i dtimpeallachtaí cónaithe. Gineann, úsáideann agus astaíonn an gléas fuinneamh radaimhnicíochta, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le trasnaíocht dhíobhálach raidió ar chumarsáidí gan sreang mura suiteáiltear agus mura n-úsáidtear é de réir na treoirlíne. Ach ní haon rátháíocht é nach mbeidh trasnaíocht raidió i dtimpeallachtaí áirithe suiteáilte. Má dhéantar trasnaíocht dhíobhálach ar raidió nó glacadh teilifíse agus an gléas casta air nó casta as, ní mór don úsáideoir trasnaíocht a chosc trí ceann de na bearta seo a leanas a ghlacadh.

- Coigeartaigh treo nó bog an aeróg ghlaitha
- Cuir tuilleadh spáis idir an gléas agus an glacadóir
- Plugáil an glacadóir agus an gléas ar asraonta ar chiorcaid leithleacha
- Faigh cabhair ó theicneoirí cáilithe raidió/teilifíse nó ón miondíoltóir
- Déanann an gléas seo Cuid 15 de Rialacháin FCC a chomhlíonadh
- Ní tharlaíonn trasnaíocht leictreamaighnéadach leis an ngléas seo
- Má fhaightear aon trasnaíocht, lena n-áirítear trasnaíocht a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le fadhbanna oibríochtúla leis an ngléas, féadfar é a fheidhmiú ar dhá choinníoll a chinntíonn oibríocht cheart. Rinneadh an táirge a dhearadh le haghaidh úsáid faoi dhíon amháin.

* Fógra FCC: Tabhair faoi deara go bhféadfadh aon athrú nó mionathrú nach bhfuil údaraithe go sainráite ag an bpáirtí atá freagrach as rialúcháin a chomhlíonadh, údarás an úsáideora chun an gléas a oibriú a chealú.

Aitheantóir Uathúil: Seiceáil an lipéad ar an táirge

Páirtí Freagrach: Samsung Electronics America QA Lab

19 Chapin Rd. Building D Pine Brook NJ 07058

Teil: 1-973-808-6362, Facs: 1-973-808-6361



CE (Comhlíonadh Eorpach)

Dearbhaíonn leis seo go gcomhlíonann an/na táirge/táirgí seo na riachtanais bhunúsach agus na forálacha ábhartha de na Treoracha 2014/30/AE, 2014/35/AE agus 2011/65/AE.

Úsáid taobh istigh amháin.

Faisnéis Teagmhála maidir le Comhlíonadh Eorpach

Samsung Service PO Box 12987, Baile Átha Cliath, Éire

DTLL (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach)

Léiríonn an marc ar an táirge, na hoiriúintí agus an litríocht nár cheart an táirge agus a oiriúintí leictreonacha (e.g.: luchtair, gléas cinn, cáblaí USB) a chur amach le dramhaíl eile tí ag deireadh a saolré oibre. Chun díobháil fhéideartha don chomhshaoil nó do shláinte an duine a chosc ó dhiúscairt dramhaíola neamhrialaithe, scar na hearraí seo ó chineálacha eile dramhaíola agus athchúrsáil go freagrach iad chun athúsáid inbhuanaithe foinsí ábhair a chur chun cinn.

Ba cheart d'úsáideoirí tí teagmháil a dhéanamh leis an miondíoltóir ónar cheannaigh siad an táirge, nó óna n-oifig rialtais áitiúil, le haghaidh sonraí faoi cá háit agus conas is féidir leo na hearraí seo a thabhairt chun iad a athchúrsáil go sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de.

Ba cheart d'úsáideoirí gnó teagmháil a dhéanamh lena soláthraí agus téarmaí agus coinníollacha an chonartha ceannaigh a sheiceáil. Níor cheart an táirge seo nó a oiriúintí leictreonacha a meascadh le dramhaíl tráchtála eile lena ndiúscairt.

Innovation, Science and Economic Development Canada

Sásaíonn an gléas digiteach seo d'Aicme B gach ceanglas de Rialacháin Cheanada maidir le Trealamh Ginte Trasnaíochta.

Lipéad Comhlíonta ICES-003

CAN ICES-3 (B)/NMB-3(B)